**Comhairle an Aontais Eorpaigh**

**An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2023 (OR. en)**

**12450/23**
**COR 1**

**PECHE 321**
**DELACT 120**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2023) 6983 final |
| Ábhar: | CEARTÚCHÁN<br>an 20.10.2023<br>Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine de minimis a bhunú ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascach grinnill áirithe i Muir Aidriad agus sa Mheánmhuir Thoir Theas(C(2023) 5529 final) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2023) 6983 final.

---

Faoi iamh: C(2023) 6983 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.10.2023
C(2023) 6983 final

**CEARTÚCHÁN**

**an 20.10.2023**

**Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine de minimis a bhunú ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascach grinnill áirithe i Muir Aidriad agus sa Mheánmhuir Thoir Theas**
**(C(2023) 5529 final)**

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

An 13 Meán Fómhair 2023 chuir Grúpa Ardleibhéil SUDESTMED an Coimisiún ar an eolas maidir le hearráidí i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. …/.. ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2023[1], a mhéid a bhaineann leis an gcolmóir (*Merluccius merluccius*) a ghabhann soithí a úsáideann duáin agus doruithe (LHP, LHM, LLS, LLD, LL, LTL, LX) a fhágáil ar láir agus trí speiceas a chur san áireamh nár iarradh díolúine ina leith (an sól coiteann (*Solea solea*), an gliomach (*Homarus gammarus*) agus an phiardóg (*Palinuridae*) a ghabhann soithí a úsáideann duáin agus doruithe (LHP, LHM, LLS, LLD, LL, LTL, LX).

D'iarr Grúpa Ardleibhéil SUDESTMED ar an gCoimisiún na hearráidí sin a cheartú, chun go n-áireofaí sa díolúine lena mbaineann an colmóir (*Merluccius merluccius*) a ghabhann soithí a úsáideann duáin agus doruithe (LHP, LHM, LLS, LLD, LL, LTL, LX), agus an díolúine a scriosadh maidir leis an sól coiteann (*Solea solea*), an gliomach (*Homarus gammarus*) agus an phiardóg (*Palinuridae*) a ghabhann soithí a úsáideann duáin agus doruithe (LHP, LHM, LLS, LLD, LL, LTL, LX), lena léirítear, dá bhrí sin, an Moladh Comhpháirteach uathu an 2 Bealtaine, ina n-áirítear go sainráite an colmóir (*Merluccius merluccius*) a ghabhann soithí a úsáideann duáin agus doruithe (LHP, LHM, LLS, LLD, LL, LTL, LX), ach nach n-áirítear ann an sól coiteann (*Solea solea*), an gliomach (*Homarus gammarus*) agus an phiardóg (*Palinuridae*) a ghabhann soithí a úsáideann duáin agus doruithe (LHP, LHM, LLS, LLD, LL, LTL, LX).

Thairis sin, rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach measúnú ar an díolúine a iarradh maidir leis an gcolmóir (*Merluccius merluccius*) a ghabhann soithí a úsáideann duáin agus doruithe (LHP, LHM, LLS, LLD, LL, LTL, LX).

Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2023 a cheartú dá réir. I bhfianaise chineál substainteach na n-earráidí, gníomhachtaítear spriocdháta nua le haghaidh agóidí le tarchur an cheartúcháin seo.

---

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. .../... ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine *de minimis* a bhunú ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascach grinnill áirithe i Muir Aidriad agus sa Mheánmhuir Thoir Theas(C(2023) 5529 final)

**CEARTÚCHÁN**

**ar Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún an 22 Lúnasa 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine *de minimis* a bhunú ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i gcás iascach grinnill áirithe i Muir Aidriad agus sa Mheánmhuir Thoir Theas**

Ar leathanach 11, in Airteagal 3, pointe (b)(vi)

*in ionad*:

'(vi) maidir le doingin mhara Eorpacha (*Dicentrarchus labrax*), garbhánaigh fháinneacha (*Diplodus annularis*), garbhánaigh ghéarshocacha (*Diplodus puntazzo*), garbhánaigh bhána (*Diplodus sargus*), garbhánaigh dhébhandacha choiteanna (*Diplodus vulgaris*), garúpaigh (*Epinephelus spp.*), garbhánaigh stríocacha (*Lithognathus mormyrus*), deargáin (*Pagellus bogaraveo*), garbhánaigh ascailleacha (*Pagellus acarne*), garbhánaigh choiteanna (*Pagellus erythrinus*), garbhánaigh phargacha dhearga (*Pagrus pagrus*), bric raice (*Polyprion americanus*), garbhánaigh órcheannacha (*Sparus aurata*), sóil choiteanna (*Solea solea*), gliomaigh (*Homarus gammarus*) agus piardóga (*Palinuridae*) suas le huasmhéid 1 % de ghabhálacha iomlána bliantúla arna ngabháil le soithí a úsáideann duáin agus doruithe (LHP, LHM, LLS, LLD, LL, LTL, LX). I gcás inar lú ná 25 % de thabhairt i dtír iomlán na n-iascach tabhairt i dtír na speiceas sin, féadfar suas le 3 % de ghabhálacha bliantúla iomlána na speiceas sin a bheith sna cainníochtaí atá le haischur.'

*léitear*:

'(vi) maidir le doingin mhara Eorpacha (*Dicentrarchus labrax*), garbhánaigh fháinneacha (*Diplodus annularis*), garbhánaigh ghéarshocacha (*Diplodus puntazzo*), garbhánaigh bhána (*Diplodus sargus*), garbhánaigh dhébhandacha choiteanna (*Diplodus vulgaris*), garúpaigh (*Epinephelus spp.*), garbhánaigh stríocacha (*Lithognathus mormyrus*), deargáin (*Pagellus bogaraveo*), garbhánaigh ascailleacha (*Pagellus acarne*), garbhánaigh choiteanna (*Pagellus erythrinus*), garbhánaigh phargacha dhearga (*Pagrus pagrus*), bric raice (*Polyprion americanus*), garbhánaigh órcheannacha (*Sparus aurata*), colmóirí (*Merluccius merluccius*) suas le huasmhéid 1 % de ghabhálacha iomlána bliantúla a ghabhann soithí a úsáideann duáin agus doruithe (LHP, LHM, LLS, LLD, LL, LTL, LX). I gcás inar lú ná 25 % de thabhairt i dtír iomlán na n-iascach tabhairt i dtír na speiceas sin, féadfar suas le 3 % de ghabhálacha bliantúla iomlána na speiceas sin a bheith sna cainníochtaí atá le haischur.'